# Coimhlint Leasa – Bord

Le cois na gceanglas dlíthiúil faoi Achtanna na gComhlachtaí agus ceanglais faoi Eitic in Acht na hOifige Poiblí 1995 agus 2001 cuirfear i bhfeidhm an polasaí seo a leanas de ghrá na trédhearcachta. Aithníonn Foras na Gaeilge go bhféadfadh coimhlint leasa dhealraitheach a bheith lán chomh dochrach le fíorchoimhlint leasa a bheith ann agus nach mór, dá réir, a leithéid a sheachaint:

i) Arna cheapadh chuig Bord Fhoras na Gaeilge, ní mór do gach comhalta sonraí a chur ar fáil d'oifig an Phríomhfheidhmeannaigh maidir lena gcuid fostaíochta agus gach leas gnó eile lena n-áirítear scairshealbhaíochtaí, caidrimh ghairmiúla etc. a bhféadfadh coimhlint leasa a bheith ag gabháil leo nó a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar an gcomhalta maidir le cur i gcrích a gcuid feidhmeanna mar chomhalta Boird. Maidir le leasanna ar bith de chuid duine de chlann an chomhalta a mbeifí ag súil go réasúnta leis go mbeadh siad ar an eolas fúthu nó aon duine nó foras a bhaineann leis an gcomhalta a bhféadfaí coimhlint leasa a bheith ag gabháil leis nó a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar an gcomhalta maidir le cur i gcrích a gcuid feidhmeanna ní mór dóibh iad seo a nochtadh chomh maith. Chun na críche seo, áireofar na daoine agus na forais seo a leanas orthu siúd a bhaineann leis an gcomhalta:

(a) céile, tuismitheoir, deartháir, deirfiúr, leanbh nó leasleanbh;
(b) dlúthchara;
(c) comhlacht corpraithe lena mbaineann an comhalta;
(d) duine ag gníomhú mar iontaobhaí d'aon iontaobhas, ar a mbeadh an comhalta nó na daoine ag (a) nó (b) thuas nó an comhlacht corpraithe ag (c) thuas ina dtairbhithe dá bharr; agus

(e) duine ag gníomhú mar pháirtí de chuid an chomhalta nó de chuid aon duine nó forais atá, de bhua (a) – (d) thuas, bainteach leis an gcomhalta.

D'fhéadfaí a thuiscint as gurb ann do choimhlint leasa i dtosca ina bhfuil leas bainteach ag an gcomhalta Boird mar a shainmhínítear in (a) – (e) thuas nó:

i. Má tá siad féin i mbun gnó le leas bainteach, bíodh sin ina dhuine aonair, ina chomhlacht corpraithe, ina chumann nó ina chomhlachas;
ii. Má tá scaireanna nó úinéireacht nó leas dílseánaigh eile acu nó má tá siad ina gcomhalta den chomhlacht corpraithe, den chumann nó den chomhlachas;
iii. Más féichiúnaí nó más creidiúnaí iad den duine aonair sin, den chomhlacht corpraithe, den chumann nó den chomhlachas;
iv. Má shealbhaíonn siad aon oifig bíodh sin mar stiúrthóir nó mar chomhairleoir nó eile de chomhlacht corpraithe, de chumann nó de chomhlachas dá sórt, bíodh luach saothair ag dul leis nó ná bíodh;

Ní mór do gach comhalta sonraí maidir le leasanna gnó de réir mar atá leagtha amach thuas a chur ar fáil don Phríomhfheidhmeannach nó don Rúnaí de réir mar a thagann siad chun solais dóibh le linn thréimhse a stiúrthóireachta.

i) Sa chás go mbeidh sé ábhartha in aon cheist a tharlaíonn, ní mór don chomhalta a chur in iúl d'oifig an Phríomhfheidhmeannaigh aon fhostaíocht agus aon leasanna gnó eile na ndaoine uile a bhaineann leo, de réir mar a shainmhínítear ag (i).

ii) Is faoi lánrogha an Bhoird é nochtadh mion-scairshealbhaíochtaí comhaltaí. Mar threoir ghinearálta, déantar scairshealbhaíochtaí os cionn €15,000 nó os cionn 5% de chaipiteal eisithe comhlachta a nochtadh.

iii) Sa chás go bhfuil comhalta éiginnte faoi cé acu a éilíonn nó nach n-éilíonn an polasaí seo nochtadh leasa dá gcuid féin nó de dhuine bainteach, ní mór dóibh dul i gcomhairle leis an gCathaoirleach.

iv) Coimeádfar sonraí na leasanna thuas ag Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh i gclár rúnda ar leith agus déanfar é a nuashonrú gach bliain. Cuirtear in iúl d'oifig an

Phríomhfheidhmeannaigh a luaithe agus is féidir aon athruithe a tharlóidh san idirlinn. Beidh teacht ag Cathaoirleach, Rúnaí an Phríomhfheidhmeannaigh, Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge agus baill foirne ábhartha eile ar an gclár. Cloífear le gach rialachán maidir le RGCS agus aon eolas den chineál seo á stóráil go slán i seilbh Fhoras na Gaeilge. Tá toiliú tugtha ag comhaltaí cheana féin maidir le próiseáil agus stóráil an eolais seo nuair a ghlac siad le ceapachán ar Bhord Fhoras na Gaeilge.

v) Sa chás go dtarlaíonn ceist a bhaineann le leasanna an Chathaoirligh, ní mór dóibh an Leas-Chathaoirleach nó comhalta Boird eile a údarú chun plé leis an ábhar. Is é an duine a cheapfar amhlaidh a bheidh mar chathaoirleach ar chruinnithe Boird agus plé nó cinneadh á dhéanamh ar an ábhar ina bhfuil leas ag an Chathaoirleach nó ag duine nó foras a bhaineann leis an gCathaoirleach. Ní mór don Chathaoirleach a bheith as láthair le linn plé agus próisis chinnteoireachta dá sórt.

vi) Ní chuirfear ar fáil don chomhalta bainteach cáipéisí Boird nó comhlachta a bhaineann le haon phlé maidir leis na leasanna thuas sula ndéanfar cinneadh. (Ar na cáipéisí sin áireofar na cáipéisí siúd atá bainteach le cásanna a bhaineann le hiomaitheoirí do na leasanna thuas). Ar chinntí a bheith déanta, cuirfear in iúl don chomhalta iad.

vii) De thairbhe go n-aithnítear go bhféadann leasanna comhaltaí Boird agus daoine a bhaineann leo athrú in aicearracht, ní mór do chomhalta Boird, má fhaigheann siad cáipéisí a bhaineann lena leasanna nó le leasanna daoine a bhaineann leo, na cáipéisí a chur ar ais chuig Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh a luaithe agus is féidir.

viii) Ní mór do chomhalta Boird fanacht as láthair le linn don Bhord plé nó cinneadh a dhéanamh ar ábhair a tharlaíonn ina bhfuil leas ag an chomhalta sin (seachas ina gcáil mar chomhalta Boird) nó ag duine nó foras a bhaineann leis an chomhalta. I gcásanna den chineál seo, coimeádfar taifead ar leithligh den idirphlé (nach mbeidh aon teacht ag an chomhalta Boird air).

ix) Má bhíonn aon cheist maidir le cé acu a bhaineann nó nach mbaineann cás le leasanna comhalta Boird nó duine nó forais a bhaineann leis an chomhalta Boird sin, is é an Cathaoirleach a dhéanfaidh cinneadh ar an cheist.

x) Ní mór d'iarchomhaltaí Boird faisnéis a fuair siad le linn a dtréimhse sa cháil sin a choimeád faoi rún.

## Láimhseáil Comhlintí Leasa

*Teist*

Féadann coimhlintí leasa tarlú mar gheall ar chomhalta a bheith bainteach sa chinnteoireacht a bhaineann le hullmhú nó cur i bhfeidhm scéimeanna, straitéis nó polasaí de chuid Fhoras na Gaeilge nó le húdarú dheontais Fhoras na Gaeilge.

Seo leanas an eochairtheist a chuirtear i bhfeidhm i ngach cás: An bhfuil leas comhalta Boird réamhchlaonta? Sin le rá an measfadh duine réasúnta, agus na fíricí á scrúdú go hoibiachtúil acu, go mbeadh sé deacair ag an gcomhalta Boird cinneadh a dhéanamh go hoibiachtúil ar mhaithe le leas an phobail gan ligean dá leasanna tionchar a imirt air/uirthi.

*Iarfhostaíocht*
Ní mór do Chomhaltaí ar iarfhostaithe iad de chuid foras a dhéanann iarratais rialta nó iarratais ócáideacha ar mhaoiniú Baol Coimhlint Leasa leis an bhforas sin a chlárú go ceann 24 mhí ó dháta a n-ainmniúcháin ar Bhord Fhoras na Gaeilge. I ndiaidh thréimhse 24 mhí, pléifear leis an cheist de réir ghnáthshocruithe an pholasaí seo.

I dtosca ina meastar gurb ann do choimhlint leasa, ní mór don chomhalta Boird:

i. A chinntiú gur fógraíodh agus gur cláraíodh go cuí a gcoimhlint leasa
ii. Aon cháipéisí a cuireadh ar fáil ag Foras na Gaeilge a bhaineann leis an ábhar i gceist a chur ar ais chuig Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh a luaithe agus is féidir
iii. Fanacht as láthair iad féin le linn phlé an Bhoird ar an réimse siúd ina bhfuil leas ag an chomhalta Boird.

*Iarratais rialta ar mhaoiniú*
Ní ceadmhach do chomhalta Boird atá bainteach le foras a dhéanann iarratais rialta ar mhaoiniú a bheith rannpháirteach go díreach nó go hindíreach in aon chéim d'fhorbairt scéime, nó den phróiseas iarratais ar dheontas. Ní ceadmhach dá leithéid de chomhaltaí Boird, go háirithe, a bheith mar chomhaltaí ar Choiste na nDeontas.

*Iarratais Ócáideacha nó Aonuaire ar mhaoiniú*
Ní ceadmhach do chomhalta Boird atá bainteach le foras a dhéanann iarratais ócáideacha ar mhaoiniú a bheith rannpháirteach go díreach nó go hindíreach in aon chéim den phróiseas iarratais ar dheontas i leith an iarratais áirithe sin – sin le rá beart cuí á dhéanamh i gcás coimhlinte.

*Cód iompair maidir le hiarratais*

i. Má tá comhalta Boird bainteach le heagras atá ag cur isteach iarratais ar dheontas, ní mór don chomhalta Boird gan bheith bainteach le hullmhú na tairisceana ar mhaoiniú. I ngach cás, ní mór don chomhalta Boird gan an t-iarratas a phlé le comhaltaí Boird eile, ná le foireann Fhoras na Gaeilge, nó gan bheith páirteach i gcur i láthair/i dtoscaireachtaí, mar go bhféadfadh sé go measfaí go raibh siad ag baint leasa as a gcáil mar chomhaltaí Boird chun tionchar a imirt ar an toradh.

ii. Ní bhfaighidh aon chomhalta Boird a bhfuil coimhlint leasa fhéideartha aige/aici aon cháipéisí Boird nó Coiste a bhaineann lena n-iarratas.

iii. Ní ceadmhach d’aon chomhalta Boird a bhfuil coimhlint leasa fhéideartha aige/aici a bheith rannpháirteach san idirphlé nó sa phróiseas cinnteoireachta ag leibhéal Choiste na nDeontas nó ag leibhéal Boird agus ní ceadmhach dóibh a bheith i láthair le linn aon phlé ar an iarratas.

iv. Ní ceadmhach do chomhaltaí Boird ag aon tráth féachaint lena gcáil a úsáid chun tionchar a imirt go míchuí ar chinneadh trí iarraidh ar chomhaltaí Boird eile ceisteanna a chur nó trí phlé a dhéanamh ar a n-iarratas ag cruinniú Boird/Coiste óna bhfuil siad eisiata nó trí phlé a dhéanamh i leith an iarratais le hoifigigh a bhfuil an t-iarratas á mheasúnú acu. Is féidir go ndéanfar neamhbhailí iarratas de bharr gníomhaíochtaí dá sórt.

v. Ní chuirfear ar fail don chomhalta i gceist cáipéisí Boird nó Comhlachta ar aon chás a bhaineann le haon idirphlé leis na leasanna thuas sula ndéanfar cinneadh. Ar na cáipéisí sin áireofar na cáipéisí siúd atá bainteach le cásanna a bhaineann le hiomaitheoirí do na leasanna thuas. Ar chinntí a bheith déanta, cuirfear in iúl don chomhalta iad.

*Nósmhaireacht ag cruinnithe Boird*

Tar éis do gach comhalta Boird leas/leasanna a chlárú den chéad uair, ba cheart go mbeadh mír ar leith ar chlár na gcruinnithe Boird agus Coistí a thagann ina dhiaidh sin faoin teideal "Nochtadh maidir le coimhlintí leasa". Nuair a ardaítear an mhír sin ar an gclár ba cheart don Chathaoirleach a iarraidh ar chomhaltaí leas, baol leasa, nó leas féideartha a nochtadh roimh thús an chruinnithe, agus an cruinniú a fhágáil le linn don phlé ar an mhír sin.

**Dáta athbhreithnithe: Iúil 2025**

**Dáta an chéad athbhreithniú eile: Iúil 2028**